

## Ábhar

Trína chaingean atá bunaithe ar Airteagal 270 CFAE, iarrann an t-iarratasóir, ar an gcéad dul síos, go gcuirfí cinneadh ón mBord Réitigh Aonair (BRA) an 14 Meitheamh 2019 lena ndiúltaítear dá iarraidh ar chúnamh a taisceadh an 2 Bealtaine 2019, agus mar is gá, cinneadh ón BRA an 23 Eanáir 2020 lena ndiúltaítear dá ghearán dírithe in éadan chinneadh an 14 Meitheamh 2019 ar neamhní, agus chomh maith leis sin, cúiteamh as an damáiste a rinneadh mar thoradh ar na cinntí sin.

## An chuid oibríochtúil

- 1) Diúltaítear don chaingean.
- 2) Ordaítear do JS na costais a íoc.

(<sup>1</sup>) IO C 247, 27.7.2020.

## Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 26 Deireadh Fómhair 2022 – KD v EUIPO

(Cás T-298/20) (<sup>1</sup>)

*(Seirbhís Shibhialta – Ball foirne sealadach – Measúnú foirne 2019 – Tuarascáil mheastóireachta – Imeacht um shárú – Inghlacthacht – Oibleagáid cúiseanna a lua – Cearta na cosanta – Dualgas cúraim – Dliteanas – Damáiste neamhábhartha)*

(2023/C 7/26)

Teanga an cháis: an Béarla

## Páirtithe

Iarratasóir: KD (ionadaí: S. Pappas, Dlíodóir)

Cosantóir: Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: K. Tóth, i gcáil Gníomhaire, agus B. Wägenbaur, Dlíodóir)

## Ábhar

De réir a gníomhaíochta faoi Airteagal 270 CFAE agus an méid a tugadh an 22 Bealtaine 2020, iarrann an t-iarratasóir, ar an gcéad dul síos, a thuarascáil meastóireachta do chleachtadh meastóireachta 2019 a chur ar neamhní agus, ar an dara dul síos, cúiteamh as an damáiste neamhábhartha a mhaíonn sí a d'fhulaing sí.

## An chuid oibríochtúil

1. Cuirtear tuarascáil meastóireachta KD do chleachtadh meastóireachta 2019 ar neamhní;
2. Déantar an chuid eile den iarratas a dhíbhe;
3. Ordaítear d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) a chostais féin a íoc agus trí cheathrú de na costais arna thabhtú ag KD a íoc;
4. Ordaítear do KD an ceathrú cuid dá chostais féin a íoc.

(<sup>1</sup>) IO C 262, 10.8.2020.